## 2. Cánachas Cothrom

*2.1 Córais chánach dhíobhálacha atá ann*

Tá an dlínse seo a leanas, a thug gealltanas a gcórais chánach fhabhracha dhíobhálacha a leasú nó a dhíothú faoi raon feidhme an Fhóraim maidir le Cleachtais Chánach Dhíobhálacha faoin 31 Nollaig 2023, ag feitheamh le measúnú críochnaitheach a bheith déanta ag an bhFóram:

**Easuaitíní (Crios eacnamaíoch speisialta)**

Thug an dlínse seo a leanas gealltanas a córas díolúine ioncaim foinse eachtraí díobhálach a leasú nó a dhíothú faoin 31 Nollaig 2025:

**Brúiné Darasalám**

## 3. Creimeadh an bhoinn agus aistriú brabúis (BEPS) a chosc

*3.2 Cur chur chun feidhme íoschaighdeán CbCR (Gníomhaíocht BEPS 13)*

Gheall an dlínse seo a leanas íoschaighdeán CbCR a chur chun feidhme agus caidreamh malartaithe tuairiscí de réir tíre le Ballstáit uile an Aontais a ghníomhachtú. Shínigh sí Comhaontú Iltaobhach na nÚdarás Inniúil maidir le tuairisciú de réir tíre, agus tá na bearta is gá á ndéanamh aici i láthair na huaire chun caidreamh malartaithe tuairiscí de réir tíre le Ballstáit uile an Aontais a ghníomhachtú:

**Vítneam**

---